An Guthán Póca

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi úsáid an ghutháin soghluaiste in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An gcaitheann muintir na hÉireann an iomarca ama ag caint ar an ghuthán, dar leat?
An ndéanann na gutháin soghluaiste dochar don tsláinte?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois uair amháin agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Eircom published _____

survey _____

group _____

the figures show _____

to stick a phone to your ear _____

swinging _____

on every call _____

the same amount of talking _____

on average _____

fast _____

in this category _____

the survey confirms _____

reluctance _____

little danger _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé mhéad fón póca atá sa tír seo?
2. Cén dream is mó in Éirinn a úsáideann na fóin phóca?
3. Cad a deirtear faoi na contaetha seo a leanas sa tuairisc:

- Contae an Lú agus Contae Dhún na nGall
- Muintir na nDéise
- Mná Mhuineacháin agus mná Mhaigh Eo
- Mná Shligigh agus mná Lú

4. Cén fáth an bhfuil dea-scéal ann do na comhlachtaí cumarsáide?

Ceist 4

(a) Cén chanúint atá ag an bheirt bhan atá ag caint sa tuairisc seo?
(b) Baineadh úsáid as uimhir iolra an-chanúnach sa tuairisc, cén leagan a bhí le cloisteáil ar na leaganacha seo:

Méaraí: _____
Fóin: _____

(c) Cén uimhir iolra atá ar na hainmfhocail seo a bhí le cloisteáil sa tuairisc:

institiúid: _____
figiúr: _____
téacs: _____
bean: _____
comhlacht: _____
seirbhís: _____

Ceist 5 '*Baile Átha Cliath'*

Déan liosta leis an duine in aice leat de na contaetha ar fad in Éirinn. Cuirigí an focal ***contae*** roimh gach ainm ansin. Tá an chéad cheann déanta duit:

Dun na nGall **Contae Dhún na nGall**

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil tusa róthógtha le do ghuthán póca?
An mbíonn tú ag seoladh téacsanna nuair a bhíonn tú amuigh go sóisialta?
Cén aois a bhí tú nuair a fuair tú do chéad ghuthán póca?
Cad a cheapann tú faoi chaidreamh grá a chríochnú trí théacs a chur?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Eircom published	**d'fhoilsigh *Eircom***
survey	**suirbhé**
group	**dream**
the figures show	**léiríonn na figiúirí**
to stick a phone to your ear	**fón a ghreamú de do chluas**
swinging	**luascadh**
on every call	**ar chuile ghlao**
the same amount of talking	**an méid céanna cainte**
on average	**ar an meán**
fast	**sciobtha**
in this category	**sa gcatagóir seo**
the survey confirms	**deimhníonn an suirbhé**
reluctance	**leisce**
little danger	**beag baol**

Ceist 3
1. 5.2 milliún.
2. Muintir Luimnigh
3. Contae an Lú agus Contae Dhún na nGall – na contaetha is lú a bhaineann úsáid as na fóin.
   Muintir na nDéise – na daoine is lú a labhraíonn ar na fóin, chomh maith le Contae an Lú.
   Mná Mhuineacháin agus mná Mhaigh Eo – an dream a chaitheann an t-am is faide ag caint ar na fóin.
   Mná Shligigh agus mná Lú – caitheann siadsan thart ar nóiméad tríocha is a cúig ar an meán ar gach glao.
4. Is beag an baol atá ann go stopfaidh muintir na tíre ag úsáid a bhfón agus mar sin is dea-scéal é sin do na comhlachtaí a chuireann na seirbhísí cumarsáide ar fáil.

Ceist 4
(a) Canúint Chonnachta
(b) Méaraí: Méaracha(í)
Fóin: Fónacha(í)

(c) institiúid: **institiúidí**
figiúr: **figiúirí**
téacs: **téacsanna**
bean: **mná**
comhlacht: **comhlachtaí**
seirbhís: **seirbhísí**

Ceist 5

Laighin	**Cúige Laighean**	**Leinster**	
Áth Cliath	Co. Átha Cliath	Dublin	BÁC
Ceatharlach	Co. Cheatharlach	Carlow	Ce
Cill Chainnigh	Co. Chill Chainnigh	Kilkenny	CC
Cill Dara	Co. Chill Dara	Kildare	CD
Cill Mhantáin	Co. Chill Mhantáin	Wicklow	CM
An Iarmhí	Co. na hIarmhí	Westmeath	IM
Laois	Co. Laoise	Laois	La
Loch Garman	Co. Loch Garman	Wexford	LG
An Longfort	Co. an Longfoirt	Longford	Lo
Lú	Co. Lú	Louth	Lú
An Mhí	Co. na Mí	Meath	Mí
Uíbh Fhailí	Co. Uíbh Fhailí	Offaly	UF
An Mhumhain	**Cúige Mumhan**	**Munster**	
Ciarraí	Co. Chiarraí	Kerry	Ci
An Clár	Co. an Chláir	Clare	Cl
Corcaigh	Co. Chorcaí	Cork	Co
Luimneach	Co. Luimnigh	Limerick	Lm
Port Láirge	Co. Phort Láirge	Waterford	PL
Tiobraid Árann	Co. Thiobraid Árann	Tipperary	TÁ
Connacht	**Cúige Chonnacht**	**Connacht**	
Gaillimh	Co. na Gaillimhe	Galway	Ga
Liatroim	Co. Liatroma	Leitrim	Li
Maigh Eo	Co. Mhaigh Eo	Mayo	ME
Ros Comáin	Co. Ros Comáin	Roscommon	RC
Sligeach	Co. Shligigh	Sligo	Sl
Ulaidh	Cúige Uladh	Ulster	
Aontroim	Co. Aontroma	Antrim	Ao
Ard Mhacha	Co. Ard Mhacha	Armagh	AM
An Cabhán	Co. an Chabháin	Cavan	Ca
Doire	Co. Dhoire	Derry	Do
An Dún	Co. an Dúin	Down	Dn
Dún na nGall	Co. Dhún na nGall	Donegal	DG
Fear Manach	Co. Fhear Manach	Fermanagh	FM
Muineachán	Co. Mhuineacháin	Monaghan	Mu
Tír Eoghain	Co. Thír Eoghain	Tyrone	TE

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola
D'fhoilsigh *Eircom* agus *Meteor* torthaí an chéad suirbhé chumarsáide inniu ar an úsáid a bhaintear as fóin phóca. Léiríonn an suirbhé gurb iad muintir Luimnigh an dream is mó a bhaineann úsáid as gutháin soghluaiste. Tá tuilleadh faoin scéal ag Áine Lally.

Áine Lally
Léiríonn na figiúirí is deireanaí ón gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide go bhfuil 5.2 milliún fón póca in úsáid in Éirinn faoi láthair. Go deimhin tá níos mó fón póca sa tír seo ná mar atá daoine. Tá sé níos éasca anois ná mar a bhí cheanna fón a ghreamú de do chluas agus freisin na méaraí (méarachaí) a chur a luascadh ag seoladh téacsanna.

Léiríonn suirbhé nua de chuid *Eircom* agus *Meteor* inniu gurb iad muintir Luimnigh an dream is fearr ó thaobh an dá rud seo a dhéanamh. Tagann Baile Átha Cliath agus Ceatharlach isteach sa dara háit, Contae an Lú agus Dún na nGall atá ar bhun an liosta. Caitheann muintir Mhuineacháin, an Chabháin agus Chill Dara an t-am is faide ag caint ar na fóin phóca (fónachaí póca). Is iad muintir chontae an Lú agus muintir na nDéise is lú a labhraíonn orthu. Taispeánann an suirbhé gurb iad mná Mhuineacháin agus mná Mhaigh Eo an dream is faide a labhraíonn ar na fóin (fónanna) soghluaiste. Caitheann siad ar an meán dhá nóiméad ar chuile ghlao. Ní raibh an méid céanna cainte ag mná Shligigh nó mná Lú is cosúil. Caitheann siadsan thart ar nóiméad tríocha is a cúig ar an meán ar chuile ghlao. Seans go bhfuil méara (méaracha) sciobtha ag muintir Luimnigh, Uíbh Fhailí agus Laoise. Siadsan is mó a sheolann téacsanna. Tagann na mná amach chun tosaigh sa gcatagóir seo. Seolann siad ar an meán deich dtéacs chuile lá.

Deimhníonn an suirbhé seo nach bhfuil leisce ar bith orainn úsáid a bhaint as ár bhfóin phóca (fónachaí póca). Beag baol go dtiocfadh athrú ar an nós seo agus dea-scéal é seo ar ndóigh do na comhlachtaí a chuireann na seirbhísí cumarsáide ar fáil. Áine Lally, Nuacht TG4.